Treoir maidir le cúnamh teagaisc neamhíoctha a leithdháileadh ar mhic léinn taighde iarchéime le linn phaindéim Covid19.

De réir mar atá an Ollscoil ag ullmhú i dtreo gníomhaíochtaí Teagaisc & Foghlama a atosú d'fhéadfadh sé go mbeadh mic léinn taighde iarchéime ar ais ar an gcampas chun tabhairt faoi chúnamh teagaisc neamhíoctha. D'fhéadfadh go mbeadh an cúnamh teagaisc neamhíoctha seo ar bun go cianda, ar líne, nó ar an gcampas i suíomh ina bhfuil mic léinn eile lonnaithe (e.g. téatar/seomra léachta, saotharlann, obair allamuigh etc.).

Tá sonraí maidir le cúnamh teagaisc a bhfuiltear ag súil leis ó mhic léinn taighde ar fáil i dTreoirlínte na hOllscoile do chláir chéime taighde, cuid 5.7.
Tá coláistí freagrach as treoirlínte áitiúla maidir le cúnamh teagaisc a leithdháileadh, a bhfuil cur síos orthu i gcuid 2.4 de Threoirlínte na hOllscoile.

Chun cuidiú le réiteach i dtreo leithdháileadh i ndáil le cúnamh teagaisc le linn phaindéim Covid19, cuirtear na treoirlínte seo a leanas ar fáil:

- Ba cheart do Chinn Scoile, nó a n-ionadaithe atá freagrach as cúnamh teagaisc a leithdháileadh, iarraidh ar Stiúrthóirí Taighde teagmháil a dhéanamh lena gcuid mac léinn taighde lena fháil amach an bhfuil an mac léinn taighde ar fáil chun cúnamh teagaisc a chur ar fáil ar an gcampas, sa chás go mbeadh gá le cúnamh teagaisc ar an gcampas sa Scoil.

- Iarrtar ar stiúrthóirí taighde Cinn Scoile, nó a n-ionadaithe atá freagrach as cúnamh teagaisc a leithdháileadh, a chur ar an eolas sa chás go bhfuil mic léinn taighde ar fáil chun cúnamh teagaisc ar an gcampas a chur ar fáil nó nach bhfuil.

- Ní bheifear ag súil go gcuirfidh aon stiúrthóir taighde ná bainisteoir líne iallach ar mhac léinn taighde cúnamh teagaisc ar an gcampas a chur ar fáil.

- Mura bhfuil mac léinn taighde in ann tabhairt faoi chúnamh teagaisc ar an gcampas féadfar cineálacha malartacha cúnaimh teagaisc a leithdháileadh orthu.

- Ba cheart tacaíocht a thabhairt do mhic léinn taighde a leithdháiltear teagasc orthu chun an cúnamh teagaisc a sheachadadh, bíodh sé ar an gcampas nó go cianda.

- Beidh ar gach mac léinn taighde an fhoirm féindearbhaithe maidir le filleadh ar an gcampas a chomhlánú, ag úsáid an láithreáin Sharepoint Filleadh ar an Taighde agus an oiliúint ionduchtaithe ar líne a chur i gcrích, 3 lá ar a laghad sula bhfillfidh siad ar an gcampas chun tabhairt faoi thaighde agus/nó cúnamh teagaisc ar an gcampas.